Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2020
(OR. en)

10340/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0365 (COD)**

EF 197
ECOFIN 755
CODEC 739

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9397/20 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2016) 856 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 648/2012, agus (AE) 2015/2365 agus Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE agus (AE) 2017/1132<br>*- Comhaontú polaitiúil* |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 28 Samhain 2016, tharchuir an Coimisiún an togra thuasluaite chuig an gComhairle[1]. Is é is aidhm don togra creat a bhunú le haghaidh Contrapháirtithe Lárnacha (CPLanna) a théarnamh agus a réiteach, rud a áiritheoidh go mbeidh na hacmhainní ag contrapháirtithe lárnacha agus ag údaráis náisiúnta araon san Aontas gníomhú go cinntitheach i gcás ina mbeadh an-anás nó cliseadh tromchúiseach ar CPL ann.

## II. STAID NA hIMEARTHA

2. Scrúdaigh an Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais an togra i seacht gcruinniú déag le linn Uachtaránacht na Slóvaice, Uachtaránacht Mhálta, Uachtaránacht na hEastóine, Uachtaránacht na Rómáine agus Uachtaránacht na Fionlainne.

[1] 14835/16 + ADD 1 + ADD 2 + ADD 3

3. An 27 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa rún reachtach lena seasamh ar an gcéad léamh[2].

4. An 4 Nollaig 2019, tháinig Coreper ar chomhaontú maidir le sainordú caibidlíochta chun dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa[3].

5. Tionóladh ceithre chruinniú thríthaobhacha le linn Uachtaránacht na Cróite agus an 23 Meitheamh 2020 thángthas ar chomhaontú sealadach le Parlaimint na hEorpa maidir le téacs an Rialacháin maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach CPLanna. An 22 Iúil 2020, d'fhormhuinigh Coreper téacs comhréitigh deiridh an Rialacháin[4].

6. Vótáil Coiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) an 2 Meán Fómhair 2020 i bhfabhar an téacs a comhaontaíodh.

7. An 3 Meán Fómhair 2020, chuir Cathaoirleach Choiste ECON litir chuig an uachtaránacht ina léiríodh go molfadh sí don Seisiún Iomlánach go nglacfaí leis an seasamh ón gComhairle, faoi réir fíorúchán dlítheangeolaíoch, ar an dara léamh sa Pharlaimint. Atáirgeadh an litir, lena n-áirítear an téacs an Rialacháin a caibidlíodh, in 10341/20.

8. An téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an litir sin, leagtar amach é in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo. Is ionann an téacs sin agus an téacs comhréitigh ar thacaigh Coiste na mBuanionadaithe leis an 22 Iúil 2020.

## III. CONCLÚID

9. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- an comhaontú ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa a dhearbhú, mar a leagtar amach é in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo,

---

[2] 7740/19.
[3] 14540/19.
[4] 9397/20.

- iarraidh ar an gComhairle comhaontú polaitiúil a ghlacadh faoi théacs an Rialacháin seo.

Tar éis ghlacadh an chomhaontaithe pholaitiúil, cuirfear na téacsanna ar aghaidh chun go ndéanfaidh na dlítheangeolaithe iad a athbhreithniú ionas go bhféadfaidh an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh a ghlacadh mar mhír "A" ag cruinniú a bheidh aici amach anseo. Cuirfear seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh in iúl do Pharlaimint na hEorpa ina dhiaidh sin chun go ndéanfar é a fhormheas gan leasú ar an dara léamh ag an gCruinniú Iomlánach.